# FOIRM CCF1

**Ráiteas ag Comhchiste Conarthach don Bhliain Mheasúnachta** | 2 | 0 | | |

**Féach ar an rannán Nótaí thíos sula ndéanann tú an ráiteas seo a chomhlánú.**
Ba chóir an ráiteas seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go leictreonach chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí **M'Fhiosruithe.**

**Uimhir Thagartha Cánach an Chomhchiste Chonarthaigh (CCF)**
Bí cinnte an uimhir seo a lua i ngach comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ainm an CCF**

**Seoladh an CCF**

**Ní mór duit an dearbhú seo a dhéanamh**

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Síniú

Dáta

Ainm an tSínitheora

Cumas an tSínitheora*

Teileafón / Ríomhphost

Seoladh an tSínitheora (murab ionann agus an seoladh thuas)

* Comhlacht / Riarthóir Bainistíochta, srl.

RPC017614_GA_WB_L_1

**Ainm an CCF:** 

**Uimhir Thagartha Cánach CCF:** 

**Glanluach Sócmhainne ag Deireadh na Bliana Measúnachta:** 

**Sonraí na Sealbhóirí Aonaid**

| Ainm agus Seoladh gach duine de na Sealbhóirí Aonaid sa CCF (féach Nóta 4 le do thoil) | Uimhir Tagartha Cánach an tSealbhóra Aonaid | Sealbhaíocht Aonaid ag deireadh na bliana measúnachta | Brabús Iomchuí Inchurtha i leith an tSealbhóra Aonaid (€) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **SUIM IOMLÁN NA "mBRABÚS IOMCHUÍ" (mar a shainítear é) AG ÉIRÍ ANÍOS DON CCF I NDÁIL LE HAONAID SA CHISTE:** | | | |

**Uimhir Tagartha Cánach an Chomhchiste Chonarthaigh (CCF):**

**Forléargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí Gnó a rinne an CCF sa bhliain mheasúnachta (féach Nóta 5 le do thoil)**

**Sonraí faoi aon Idirbhearta Ábhartha arna ndéanamh ag an CCF sa bhliain mheasúnachta (féach Nóta 6 le do thoil)**

**Sonraí faoi aon idirbhearta a dhéantar le daoine nasctha sa bhliain mheasúnachta (féach Nóta 7 le do thoil)**

**Nochtadh Sócmhainní atá i seilbh an CCF ag deireadh na bliana measúnaithe**
**(féach Nóta 8 le do thoil)**

| Cineál na sócmhainne | Suíomh Tíreolaíoch | Luach ag deireadh na bliana measúnachta (€) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA ATÁ I SEILBH AN CCF** | | |

**Nótaí**

**Tíolacadh an Fhoirm CCF1**

1. Foráiltear le hAlt 739I(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC) 1997 nach mór do CCF, maidir le gach bliain mheasúnachta, an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim ar an 28 Feabhra, nó roimhe sa bhliain i ndiaidh na bliana measúnachta sin. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a thíolacadh fiú sa chás go bhfuil suim iomlán na mbrabús iomchuí cothrom le nialas.

2. Foráiltear le halt 739I(4A) ACC 1997 go bhfuil Cuideachta CCF faoi dhliteanas pionós €3,000 i gcás ina bhfuil mainneachtain ráiteas a thíolacadh, nó ráiteas neamhiomlán nó mícheart a thíolacadh, thar ceann CCF d'aon bhliain mheasúnachta.

3. Ba chóir an ráiteas seo a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe, chuig largecasesdiv@revenue.ie agus marcáilte le haghaidh aird RCM An Brainse Airgeadais & Cistí Infheistíochta. Is féidir tuilleadh treorach maidir le M'Fhiosruithe a fháil ar shuíomh idirlín **na gCoimisinéirí Ioncaim anseo**..

**Sonraí is gá a nochtadh**

4. Sealbhóirí Aonad Ainmní

   Sa chás go n-úsáideann sealbhóir aonad ainmní (lena n-áirítear trí choimeádaí nó iontaobhaí) chun a n-aonaid a shealbhú thar a gceann, níl sé dóthanach sonraí an ainmní a nochtadh sa tábla seo. Ba chóir sonraí na sealbhóirí aonad atá i dteideal tairbhiúil na naonaid a nochtadh go cuí sa tábla seo.

   Mar shampla:
   Gníomhaíonn Ainmní Teo thar ceann XYZ Pension PLC.

5. **Forléargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí Gnó a rinne an CCF sa bhliain mheasúnachta**

   Ba chóir don phainéal seo forbhreathnú ginearálta a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an CCF chun a ioncam agus a ghnóthachain a ghiniúint don bhliain mheasúnachta. Is iondúil gur leor an cur síos ar ghníomhaíocht nó straitéis infheistíochta an CCF mar atá leagtha amach sna ráitis airgeadais, réamheolaire (nó forlíonadh ábhartha) lena chur san áireamh sa phainéal seo. Ba chóir nochtuithe ar leith a chur san áireamh d'fhochistí ar leith ina bhfuil straitéisí ar leith ag na fo-chistí sin ón scáth-chiste (nó ón Máistir). Ní gá sonraí faoi idirbhearta aonair a nochtadh sa phainéal seo.

   Mar shampla:
   Tá trí chiste i bhfeidhm ag scáth-chiste XYZ CCF;

   - Ciste Innéacs – Is é cuspóir infheistíochta an Chiste toradh iomlán a sholáthar d'infheisteoirí a léiríonn toradh iomlán an Innéacs Cothromais Domhanda.
   - B Ciste Innéacs – Is é cuspóir infheistíochta an Chiste toradh iomlán a sholáthar d'infheisteoirí a léiríonn toradh iomlán Innéacs Cothromais na hEorpa.
   - C Ciste Innéacs – Is é cuspóir infheistíochta an Chiste toradh iomlán ar Innéacs Cothromais Mheiriceá Thuaidh a chur ar fáil d'infheisteoirí.

6. **Sonraí faoi aon Idirbhearta Ábhartha arna ndéanamh ag an CCF sa bhliain mheasúnachta**

   I gcás ina ndéanann an CCF idirbhearta amháin nó níos mó i mbliain mheasúnachta atá sách ábhartha, i gcomhthéacs na n-idirbheart sin atá freagrach as sciar suntasach d'ioncam nó de ghnóchain an CCF don bhliain mheasúnachta, ba chóir sonraí a sholáthar sa phainéal seo.

   Mar shampla:
   I gcás ina ndiúscraíonn an CCF, a rinne infheistíocht in urrúis Rialtas na Ríochta Aontaithe roimhe seo, punann agus é ar intinn infheistíocht a dhéanamh in urrúis Rialtais atá bunaithe san AE ina ionad sin, ba chóir sonraí faoi sin a chur ar fáil sa phainéal seo, mar shampla, "Diúscairt na mbannaí uile de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe atá fágtha agus ar an gcaoi sin scor d'aon risíocht d'urrúis Rialtas na Ríochta Aontaithe a shealbhú, rud a fhágann gnóthachain £9m/ €12m. Bannaí Rialtas na Spáinne a fháil, ar luach €7m".

7. **Sonraí faoi aon Idirbheart a rinneadh le páirtithe bainteacha sa bhliain mheasúnaithe**

   Sa chás go ndéanann an CCF aon idirbhearta le páirtithe a bhfuil baint acu leis na sealbhóirí aonad CCFanna, ba chóir an t-idirbheart a nochtadh ar leithligh sa phainéal seo. Ba chóir a nochtadh freisin ar tharla an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí, agus mionsonraí curtha ar fáil nuair nach raibh. Ní theastaíonn sonraí maidir le hidirbhearta amhail dáiltí, fuascailtí, glaonna caipitil nó íocaíocht aischuir infheistíochta. Mar sin féin, ba chóir síntiúis nó fuascailtí in-specie a nochtadh go hiomchuí.

   Mar shampla:
   Sa chás go ndiúscraíonn Ciste Innéacs cuid dá phunann scaireanna, chuig sealbhóir aonad i gCiste Innéacs B, ba chóir tuilleadh sonraí a chur ar fáil sa phainéal seo – mar shampla "Diúscairt chothromas SAM chuig Pinsean na hÉireann Cpt atá ina shealbhóir aonad 30% i gCiste Innéacs B, €300,000 a fháil, idirbheart ar neamhthuilleamaí".

8. **Nochtadh na Sócmhainní atá i seilbh an CCF ag deireadh na bliana measúnachta**
Foráiltear sa tábla seo d'fhorléargas ginearálta ar na sócmhainní atá i seilbh an CCF ag deireadh na bliana measúnachta. Ba chóir an Cineál Sócmhainne, an Suíomh Geografach agus an Luach Sócmhainne ag deireadh na bliana measúnachta a nochtadh. Sa chás go dtagann líon na sócmhainní isteach sa chatagóir agus sa suíomh céanna, d'fhéadfaí iad seo a nochtadh le chéile, ní bheidh sé riachtanach gach ceann a liostáil ina n-aonar.

Mar shampla:
I gcás ina ndéanann CCF infheistíocht ar scála domhanda, is féidir na suíomhanna geografacha a nochtadh ar leibhéal réasúnta ard (AE, an Áise, Meiriceá Thuaidh, srl.).

| **Cineál na sócmhainne:** | **Suíomh Tíreolaíoch:** | **Luach:** |
|---|---|---|
| Cothromais | Meiriceá Theas | €30m |
| Urrúis Rialtais | AE | €25m |
| Conarthaí airgeadra ar aghaidh | Áise / An tAigéan Ciúin | €50m |
| Conarthaí todhchaíochtaí | Meiriceá Thuaidh | €10m |

**Séanadh**

9. Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

**Bailithe Sonraí agus Polasaí Príobháideachais**

10. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.